# Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

## Gníomhaíocht F: Machnamh ar an gceannaireacht ar son na foghlama

Tagraíonn ‘ceannaireacht ar son na foghlama’ d’obair an chleachtóra chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don phróiseas foghlama agus forbartha do leanaí. Beag beann ar a ról, is ceannaire ar son na foghlama é gach aon duine atá ag obair i suíomh luath-óige. Mar shampla, cleachtóirí ag obair le chéile chun tacú le leanbh teacht ar rud nua, ball foirne ag cabhrú le tuismitheoirí teacht ar thuiscint faoi rud uathúil maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn a leanbh, cleachtóir ag tacú le mac léinn nó le comhghleacaithe nua tuiscint a fháil ar na prionsabail agus ar na luachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an suíomh, nó bainisteoir ag tacú le cleachtóir teacht ar eolas nua. Próiseas comhoibríoch is ea an cheannaireacht ar son na foghlama trína ndéantar an fhreagracht maidir le foghlaim agus forbairt leanaí a chomhroinnt idir cleachtóirí, leanaí agus teaghlaigh. Cuireann ceannairí freagracha leis an acmhainn cheannaireachta ar leith atá ag gach duine.

Bíonn tionchar mór ag stíleanna ceannaireachta agus struchtúir cheannaireachta sa suíomh luath-óige ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí agus daoine fásta. Bíonn ceannairí freagrach as cultúr oibre a chruthú ina músclaítear an plé faoin bhfoghlaim, agus ina spreagtar éascaíocht agus tacaíocht níos fearr foghlama a bheith ann. Gríosaíonn ceannairí i suíomhanna luath-óige daoine eile, spreagann siad plé i measc na foirne, éascaíonn siad an cleachtas machnamhach agus tacaíonn siad leis, bíonn siad ag éisteacht le comhghleacaithe mar dhaoine aonair agus mar fhoireann, agus déanann siad taighde ar an dea-chleachtas agus spreagann siad an dea-chleachtas sin.

Féachtar níos grinne ar an gceannaireacht ar son na foghlama i nGníomhaíocht F. Tá trí chuid sa ghníomhaíocht:

1. Taithí ar an gceannaireacht ar son na foghlama
2. Machnamh ar do ról féin mar cheannaire
3. A bheith éifeachtach mar cheannaire ar son na foghlama i do shuíomh féin.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

# Gníomhaíocht F, Cuid 1: Taithí ar an gceannaireacht ar son na foghlama

An taithí a bhíonn ag cleachtóir ar an gceannaireacht, bíonn tionchar aige sin ar a stíl féin mar cheannaire ar son na foghlama agus ar an gcaoi a bhfreagraíonn sé/sí do cheannaireacht daoine eile. Cabhróidh an ghníomhaíocht seo leat machnamh a dhéanamh ar an taithí atá agat ar bheith faoi stiúir duine eile, agus ar an gcaoi a bhféadfadh sé sin dul i gcion ar do stíl féin mar cheannaire ar son na foghlama i do sheomra/shuíomh.

Déan iarracht an ghníomhaíocht seo a chríochnú leat féin, agus téigh siar ansin ar do fhreagraí le d'fhoireann nó le tacaíocht ó mheantóir.

| Ceannaireacht éifeachtach | Ceannaireacht neamhéifeachtach |
|---|---|
| Smaoinigh ar am a fuair tú taithí ar an gceannaireacht mhaith nó inar tacaíodh go maith leat. Conas a mhothaigh sé sin? | Smaoinigh ar am a bhfuair tú taithí ar an gceannaireacht neamhéifeachtach nó nár mhothaigh tú go rabhthas ag tacú leat. Conas a mhothaigh sé sin? |
| | |
| Cén ghné den eispéireas sin agus den treoir a fuair tú a d'fhág gur mhothaigh tú ar an gcaoi sin? | Cén ghné den eispéireas sin agus den treoir a fuair tú a d'fhág gur mhothaigh tú ar an gcaoi sin? |
| | |
| Conas a mhothaigh tú faoi do chuid oibre nuair a bhí ceannaireacht mhaith ann nó nuair a tacaíodh go maith leat? | Conas a mhothaigh tú faoi do chuid oibre nuair a bhí ceannaireacht neamhéifeachtach ann nó nuair nach rabhthas ag tacú leat? |
| | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

| Ceannaireacht éifeachtach | Ceannaireacht neamhéifeachtach |
|---|---|
| Cén ghné den eispéireas sin agus den treoir a fuair tú a d'fhág gur mhothaigh tú mar sin? | Cén ghné den eispéireas sin agus den treoir a fuair tú a d'fhág gur mhothaigh tú mar sin? |
| | |
| Cad a bhí ar do chumas a dhéanamh, má bhí aon rud ann, chun cabhrú leis an duine i gceannas a bheith níos éifeachtaí? | Cad a bhí ar do chumas a dhéanamh, má bhí aon rud ann, chun cabhrú leis an duine i gceannas bheith níos éifeachtaí? |
| | |

**Bunaithe ar do fhreagraí thuas, déan machnamh ar a bhfuil i gceist le ceannaire maith ar son na foghlama.**
**Déan nóta de do chuid smaointe thíos.**

**Cén saghas ceannaire ar son na foghlama ar mhaith leat a bheith ionat?**
**Ná déan dearmad, d'fhéadfá a bheith i gceannas ar chomhghleacaithe, mic léinn, tuismitheoirí agus leanaí.**


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

# Gníomhaíocht F, Cuid 2: Machnamh ar do ról féin mar cheannaire ar son na foghlama

Cabhróidh an ghníomhaíocht seo leat machnamh a dhéanamh ar do ról féin mar cheannaire ar son na foghlama – cé a bhíonn á stiúradh agat agus conas a bhíonn tú ag stiúradh. Cabhróidh sé leat freisin príomhghnéithe do stíl cheannaireachta, agus gnéithe a théann i bhfeidhm uirthi, a shainaithint.

Is féidir leat tabhairt faoin ngníomhaíocht seo leat féin, le comhghleacaí nó le bainisteoir, nó le cabhair ó mheantóir.

| **Cé a bhíonn á stiúradh agat? (Cé mhéad duine agus cén ról atá acu?)** |
|---|
| |
| **Cé na focail a d'úsáidfeadh na daoine faoi do stiúir chun cur síos a dhéanamh ar do stíl cheannaireachta? Smaoinigh ar Ghníomhaíocht F, Cuid 1, agus úsáid na leideanna ón mbosca thíos nó roghnaigh do chuid focal féin.** |
| |
| **Cé na cáilíochtaí pearsanta a chuireann tú leis an gceannaireacht? (Smaoinigh ar na heispéiris, cáilíochtaí, meonta, scileanna, eolas, buanna agus tréithe a chabhraíonn leat i do ról mar cheannaire.)** |
| |
| **Conas a chabhraíonn do stíl cheannaireachta le daoine eile a bheith ag foghlaim? (Smaoinigh ar chomhghleacaithe, leanaí agus tuismitheoirí.)** |
| |
| **Cad iad na tréithe eile a chabhródh leat i do ról mar cheannaire?** |
| |

**Focail a mholtar chun cur síos ar an stíl cheannaireachta:**

Lách
Ceannasach
Stuama
Dúbh dóite
Cúramach
Comhoibríoch
Inniúil
Muiníneach
Staidéarach
Cruthaitheach
Diongbháilte

Coimhthíoch
Díocasach
Réchúiseach
Cairdiúil
Spraíúil
Séimh
Duine a leagann spriocanna amach
Éisteoir maith
Aireach

Sona sásta
Cabhrach
Mífhoighneach
Faisnéiseach
Neamhghoil-liúnach
Cantalach
Cineálta
Eolach
Leisciúil
Loighciúil

Rianúil
Duairc
Máithriúil
Spreagtha
Spreagúil
Neirbhíseach
Neamhbhalbh
Foighneach
Duine a bhfuil gean air/uirthi
Dearfach

Machnamhach
Duine a bhfuil meas air/uirthi
Ómósach
Crosta
Gnaíúil
Tuisceanach
Fulangach
Iontaobhach
Iontaofa
Tacúil

# Gníomhaíocht F, Cuid 3: A bheith éifeachtach mar cheannaire ar son na foghlama i mo sheomra/shuíomh

Cabhraíonn ceannairí éifeachtacha le comhghleacaithe, leanaí agus tuismitheoirí an fhoghlaim a thuiscint agus a shíneadh. Treoraíonn cleachtóirí leanaí chuig leibhéil nua tuisceana agus léiríonn siad an fhoghlaim sin do thuismitheoirí. Cabhraíonn siad le comhghleacaí machnamh a dhéanamh agus cur chuige foirne a ghlacadh chun athruithe dearfacha a chur i bhfeidhm agus a chothú.

Glacann ceannairí ar son na foghlama freagracht phearsanta as dul i mbun comhoibrithe chun cur le foghlaim agus le forbairt na leanaí ar fad. Cabhróidh an ghníomhaíocht seo leat machnamh a dhéanamh ar thionchar do cheannaireachta ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na leanaí.

Is féidir leat tabhairt faoin ngníomhaíocht seo leat féin, le comhghleacaí nó le bainisteoir, nó le cabhair ó mheantóir.

| **Smaoinigh ar am ar leith a raibh do cheannaireacht ar son na foghlama éifeachtach chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí. Tabhair tuairisc ghairid ar an eispéireas, idirghníomhaíocht nó gníomhaíocht.** |
| --- |
| |
| **Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go raibh an cheannaireacht ar son na foghlama éifeachtach? Cén fhianaise atá agat?** |
| |
| **Cé nó céard atá de dhíth ort chun tacú le ceannaireacht éifeachtach ar son na foghlama?** |
| |
| **Cén chaoi ar féidir leatsa cabhrú le daoine eile a bheith ina gceannairí éifeachtacha ar son na foghlama? (Smaoinigh ar leanaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, mic léinn.)** |
| |